



General Certificate of Secondary Education
January 2017

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

Matamaitic

Aonad T5 Páipéar 2
(Le háireamhán)

Bonnsraith



[GMT52]

GMT52

DÉ CÉADAONIN 11 Eanáir, 10.45am–11.45am

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist **déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Tá cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Measúnófar Eilimintí Feidhmeacha sa pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **13**.

Ba chóir go mbeadh áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas agat.

Tá an Bhileog Foirmilí ar leathanach 2.


10415.03




20GMT5201

Bileog Foirmlí

Achar traipéisiam = $\frac{1}{2}(a+b)h$



Toirt priosma = achar trasghearrtha × fad



LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Tosaíonn ceisteanna ar an chéad leathanach eile)


[Tiontaigh an leathanach

10415.03



20GMT5203


1 (a) Tarraing frithchaitheamh an chrutha sa líne scáthánach.



[2]




(b) Comhlánaigh an léaráid sa dóigh gur línte siméadrachta iad na haiseanna.




[3]

(c) Maidir le gach léaráid thíos, luaigh cé acu atá siméadracht rothlach d'ord 4 nó 2 nó nach bhfuil siméadracht rothlach aici.


(i)



(ii)



(iii)



Freagra _____ [1] Freagra _____ [1] Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



- 2 Le líon na laethanta saoire do gach oibrí a oibriú amach, baineann roinnt comhlachtaí úsáid as an fhoirmle:

Líon laethanta saoire = Líon caighdeánach + 2 lá breise do gach 5 bliana oibrithe

- (a) Is é 18 lá an líon caighdeánach do Thogha Tógálaithe. Tá Somhairle ag obair le Togha Tógálaithe le 15 bliana anuas.
Cá mhéad lá saoire a gheobhaidh Somhairle?

Freagra _____ [2]


- (b) Tá Sinéad ag obair le Faisean Fiúntach le 20 bliain anuas agus faigheann sí 28 lá saoire.

Cad é an líon caighdeánach d’Fhaisean Fiúntach?

Freagra _____ [2]



3



Tá na huimhreacha ag an rothlóir neamhchlaonta mar atá taispeánta.

- (a) Cé acu is dóchúla nuair a rothlaítear an rothlóir:
iolraí de 3 nó iolraí de 7?
Mínigh do fhreagra.

Freagra Iolraí de _____ mar _____

_____ [2]

- (b) Cuir in ord ón dóchúlacht is lú go dtí an dóchúlacht is mó, an seans a bhaineann le

corruimhir

ré-uimhir

uimhir phríomha

a fháil.

Freagra _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach



4 Fágann traein stáisiún Acton ar 2.30 pm agus baineann sí Bron amach ar 4.15 pm.

Gearrfar am taistil faoi 20% mar gheall ar uasghrádú pleanáilte ar an iarnród.

I ndiaidh don uasghrádú a bheith déanta, an traein a fhágann Acton ar 2.30 pm, cén t-am a mbainfidh sí Bron amach?

Freagra _____ [3]

5 Taispeánann áireamhán Chonaill an uimhir

1378.7653

Slánaigh an uimhir seo go dtí

(a) an céad is gaire,

Freagra _____ [1]

(b) aon ionad deachúlach.

Freagra _____ [1]



- 6 Ceannaíonn múinteoir 40 áireamhán ar £9.59 an ceann agus líon áireamhán níos saoire ar £5.75 an ceann. Is é £487.10 an costas iomlán.

Cá mhéad áireamhán níos saoire a cheannaíonn sí?

Freagra _____ [3]

[Tiontaigh an leathanach



7 Tá 14 pheann luaidhe i mbosca agus tá an luaidhe briste ar 3 pheann luaidhe acu.

Tógtar peann luaidhe go randamach as an bhosca.

(a) Cad é an dóchúlacht nach bhfuil an luaidhe briste air?

Freagra _____ [2]

Níl an luaidhe briste ar an pheann luaidhe a thógtar agus ní chuirtear ar ais é.

(b) Cad é an dóchúlacht go mbeidh an luaidhe briste ar an chéad pheann luaidhe eile a thógtar?


Freagra _____ [1]



8 Is iad 120° , A° , B° agus C° na huillinneacha i gceathairshleasán.

Tá na huillinneacha A, B agus C i gcóimheas 3 : 5 : 4

Ríomh méid uillinn B.



Níl an léaráid tarraingthe de réir scála

Freagra Tá uillinn B = _____° [3]

9 Deir Jo, “Nuair a shuimíonn tú dhá uimhir phríomha dhifriúla, ní féidir leis an fhreagra a bheith ina uimhir chearnach”.

Tabhair sampla lena thaispeáint go bhfuil Jo mícheart.

Freagra _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach



10 (a) Cuir lúbíní isteach san áireamh seo le go mbeidh sé ceart.

$$2 + 7 \times 3 + 8 = 79$$

[1]

(b) Scríobh 0.00733 ceart go dtí 2 uimhir bhunúsacha.

Freagra _____ [1]



11 Tá líon dioscaí daite i mála.

Tógann Cara diosca go randamach as an mhála agus cuireann sí ar ais sa mhála é.

Déanann sí é seo deich n-uaire. Seo thíos na torthaí.

Dearg, Gorm, Gorm, Buí, Dearg, Gorm, Buí, Gorm, Buí, Gorm

Scríobh NEAMHFHÉIDEARTHA nó FÉIDEARTHA nó CINNTE do gach ceann acu seo a leanas:

(a) Tá go díreach dhá dhiosca dhaite sa mhála.

Freagra _____ [1]

(b) Tá níos mó dioscaí gorma ná dioscaí buí sa mhála.

Freagra _____ [1]

(c) Píocann Cara an 11ú diosca ón mhála. Tá sé dubh.

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



12 Tá tuarastal bliantúil de £32 000 ag Heather.

Tá an chéad £10 800 saor ó cháin.

Íocann sí cáin ioncaim ar ráta de 20%.

Cá mhéad dá tuarastal atá fágtha i ndiaidh di a cáin a íoc?

Freagra £ _____ [3]



Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

13

UACHTAR REOITE SEACLÁIDE

250 g de Sheacláid Dhorcha

100 g d'Im

120 g de Shiúcra Mín

150 ml d'Uisce

3 hUibhe

500 ml d'Uachtar Dúbailte

Riarfaidh an t-oideas uachtar reoite seo do 4 dhuine.

(a) Cá mhéad siúcra mín atá de dhíth in oideas do 7 nduine?

Freagra _____ g [2]

(b) Tá 13 huibhe ag Liz agus caithfidh sí uachtar reoite seacláide a dhéanamh do 17 nduine.


An bhfuil uibheacha go leor aici? Mínigh do fhreagra.

[2]

[Tiontaigh an leathanach



14 (a) Taispeánann an léaráid dhá chruth chomhionanna.




Cuir síos ina iomláine ar an chlaochlú shingil a mhapálann cruth amháin ar an chruth eile.

Freagra _____ [2]



(b)



Rothlaigh an cruth 90° deiseal thart ar an pointe $(0, 4)$.

[2]

[Tiontaigh an leathanach



15 Athchóirigh $y = 8x + 10$ i dtéarmaí x .

Freagra _____ [2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



LEATHANACH BÁN
NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

10415.03



20GMT52019

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	

Marc Iomlán	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.

I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

10415.03



20GMT5220